



Ciorclán 0053/2020

Chuíg: Údaráis Bhainisteoireachta na Meánscoileanna Deonacha sa Scéim Saoroideachais, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

An Coróinvíreas (COVID-19):

Socruithe Breise Maoirseachta don Scoilbhliain 2020/21

Ordaíonn an tAire Oideachais agus Scileanna duit na socruithe atá leagtha amach thíos a chur i bhfeidhm i gcás Maoirseacht Bhreise don scoilbhliain 2020/21.

1. Cúlra

Aithnítear go mbeidh clúdach breise maoirseachta de dhíth ar iar-bhunscoileanna sa scoilbhliain 2020/21 chun déileáil le héigeandáil COVID-19 agus chun scaradh sóisialta laistigh den scoil a bharrfheabhsú.

Mar chuid de raon beart a thacóidh le scoileanna athoscailt go hiomlán ag tús scoilbhliain 2020/21, tá an Roinn ag leithdháileadh cistiú breise ar scoileanna chun íoc as na riachtanais bhreise maoirseachta seo trí “Dheontas Breisithe Maoirseachta”.

Is beart sealadach don scoilbhliain 2020/21 na socruithe atá leagtha amach thíos i bhfianaise na dtosca eisceachtúla agus athbhreithneofar iad roimh dheireadh na bliana.

2. Socruithe Breise Maoirseachta

Chun an scaradh sóisialta is fearr is féidir a éascú, meastar go mbeidh maoirseacht bhreise de dhíth ar na scoileanna ar fud an lae sna háiteanna seo a leanas:

- maoirseacht mhéadaithe ar dhaltaí roimh agus tar éis na scoile, ag am sosa agus lóin chun dea-iompar agus scaradh sóisialta a spreagadh;
- maoirseacht ar shláintíocht lámh is gá do dhaltaí a dhéanamh chun scaipeadh COVID-19 a chosc;
- ag níos mó pointí isteach agus amach ná atá in úsáid faoi láthair chun teagmháil a íoslaghdú;
- maoirseacht ag taisceadáin agus sna seomraí foltha.

Ní liosta uilechuimsitheach é seo agus is féidir go mbeidh maoirseacht bhreise de dhíth in áiteanna eile ag brath ar riachtanais na scoile.

3. Deontas Breisithe Maoirseachta

Mar a fógraíodh cheana i gCiorclán 0046/2020, beidh leibhéal an chistithe atá ar fáil do na scoileanna, atá leagtha amach sa tábla thíos, iníoctha ag ráta de €105 an dalta de réir an rollaithe aitheanta príomhshrutha chomh maith le rollú i ranganna speisialta atá nasctha le scoileanna príomhshrutha ar an 30 Meán Fómhair 2019.

Beidh an deontas a íocfar le scoil ar cothrom nó níos lú ná 200 dalta an rollú bunaithe ar rollú íosta de 200 dalta.

Deontais Bhreistithe Maoirseachta	
Rollú Daltaí	Luach na hÍocaíochta
Suas go 200	€21,000
400	€42,000
600	€63,000
800	€84,000
1,000	€105,000
1,200	€126,000
1,400	€147,000
1,600	€168,000

Cuirfear an cistiú ar fáil i bhfoirm deontais a íocfar ina thráthchodanna, an chéad cheann a íocadh go luath i Lúnasa 2020. Beidh ar na scoileanna an méid den Deontas Bhreistithe Maoirseachta a íocadh maidir le gach téarma scoile agus a tabhódh agus a íocadh iarbhír a thairfeadh agus a thuairisciú. Beidh sé sin riachtanach sula ndéanfar tráthchuid an chéad téarma eile den Deontas Breistithe Maoirseachta a phríoiseáil, agus cuirfear san áireamh aon chuid den deontas nár úsáideadh agus íocaíocht an deontais dá éis á ríomh.

4. Ar leithligh ó Mhaoirseacht faoin Scéim Maoirseachta agus Ionadaithe (M&S)

Is socruithe iad na socruithe seo maidir leis an Deontas Breistithe Maoirseachta atá ar leithligh agus sa bhreis ar dhliteanas éigeantach an mhúinteora faoin Scéim Maoirseachta & Ionadaithe.

5. Socruithe Oibríochtúla

Is féidir an cistiú breise a chuirfear ar fáil do na scoileanna a úsáid chun múinteoirí a íoc chun maoirseacht bhreise a chur ar fáil ar bhonn deonach, ócáideach agus neamh-inphinsin don scoilbhliain 2020/21 amháin (in éineacht le dliteanas éigeantach an mhúinteora faoi Scéim M&S).

Sa scoilbhliain reatha 2020/21, níor chóir go sáródh an leibhéal maoirseachta a bheidh le déanamh ag múinteoir faoin scéim éigeantach M&S an leibhéal maoirseachta a bhí de dhíth in 2019/20.

Íocfar an múinteoir as maoirseacht bhreise a dhéanfar ar bhonn seachtainiúil in 2020/21 má sháraíonn sé an leibhéal seachtainiúil maoirseachta a rinne an múinteoir faoina ndlíteanas éigeantach M&S.

Ní mór a thabhairt ar aird nach féidir na Tacaíochtaí Breistithe Maoirseachta atá leagtha amach thuas a tharraingt anuas agus a íoc ach amháin maidir le maoirseacht agus ní féidir iad a úsáid i gcás ar bith chun íoc as ionadú breise.

Ba chóir uaireanta breise maoirseachta a thairiscint sa seicheamh seo a leanas:

1. Múinteoirí páirtaimseartha atá fostaithe sa scoil agus nach bhfuil díliostaithe faoi láthair as an scéim M&S, ansin
2. Múinteoirí lánaimseartha atá fostaithe sa scoil agus nach bhfuil díliostaithe faoi láthair as an scéim M&S, ansin
3. Múinteoirí atá fostaithe sa scoil atá díliostaithe faoi láthair as an scéim M&S cibé fostaithe i gcáil pháirtaimseartha nó i gcáil lánaimseartha atá siad, ansin
4. Is féidir maoirseacht a thairiscint do mhac léinn Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas (MGO) atá i mbun socrúchán scoile mar ghné dá gcúrsa MGO sa scoil sin. Sa chás deiridh seo, ba chóir do mhac léinn dul i mbun maoirseachta a oiread is féidir i gcuid den scoil ina mbeidh teagmháil acu le comhghleacaí múinteora.
5. I gcás ina mbeidh uaireanta maoirseachta le líonadh de bhreis ar an seicheamh thuas, beidh cead ag bainistíocht na scoile pearsanra a fhoinsiú agus a earcú chun seirbhísí maoirseachta a chur ar fáil.

6. An Ráta san Uair a bheidh Iníoctha

Íocfar gach duine a fhostófar chun dul i mbun maoirseachta faoi 1 go 4 thuas ag na rátaí atá leagtha amach i dTábla (a) Múinteoir ag roinn 7 thíos.

I gcás ina bhfostaítear múinteoir nó iarmhúinteoirí atá cáilithe, cláraithe agus grinnfhiosraithe don obair seo, íocfar iad ag na rátaí atá leagtha amach i dTábla (a) Múinteoir ag roinn 7 thíos. Íocfar pearsanra eile ag na rátaí atá leagtha amach i dTábla (b) Maor ag roinn 7 thíos.

7. Táblaí ina leagtar amach na Rátaí Iníoctha san Uair

Seo a leanas na rátaí san uair a bheidh iníoctha le múinteoirí/maoir as obair bhreise mhaoirseachta a dhéanamh:

(a) MÚINTEOIR:

	Ráta Leanúnach	Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Carnadh in aghaidh na hUaire Oibrithe
Múinteoirí a Tháinig Isteach sa Ghairm roimh 1 Eanáir 2011	€42.08	€5.74
Múinteoirí a Tháinig Isteach sa Ghairm tar éis 1 Eanáir 2011	€37.88	€5.16

(b) MAOIRSEOIR:

	Ráta Leanúnach	Luach na Saoire Bliantúla Reachtúla a Carnadh in aghaidh na hUaire Oibrithe
Daoine a Tháinig Isteach sa Mhúinteoireacht roimh an 1 Eanáir 2011	€18.75	€2.56
Daoine a Tháinig Isteach sa Mhúinteoireacht roimh an 1 Eanáir 2011	€16.88	€2.30

Tabhair ar aird gur chóir do scoileanna ÁSPC an fhostóra a chur leis na rátaí thuas agus an méid den deontas atá ar fáil le caitheamh á ríomh.

8. Scaipeadh agus Ceisteanna

Féach chuige go ndírítear aird na múinteoirí uile i d'fhostaíochta, iad siúd atá ar saoire neamhláithreachta san áireamh, ar a bhfuil sa chiorclán seo.

Ba chóir gach ceist a chur ar an bhfostóir i dtús báire agus is féidir go dteastóidh an fostóir dul i gcomhairle lena heagraíocht ionadaíochta. Is féidir aon cheist eile a chur ar an Roinn ag na seoltaí ríomhphoist seo a leanas:

- Ceisteanna i dtaobh cistiú faoin Deontas Breisithe Maoirseachta: sdinfo@education.gov.ie
- Ceisteanna i dtaobh oibriú na socrúithe maoirseachta: esr@education.gov.ie

Gheofar an ciorclán seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie

Tara Carton
Príomhoifigeach
Caidreamh Seachtrach Foirne
12 Lúnasa 2020

Tom Deegan
Príomhoifigeach
Airgeadas Scoileanna